



## 2. Cúige Laighean\_1

**Dáta an chláir:** 09.11.2008

**Amanna:** 19.37 – 28.49

**Eochair:** NÓM = Nollaig Ó Muraíle, MH = Mícheál Holmes

**Athscríobh:**

MH: Anois ceistín beag, dá mbeifeá le hainm contae a chur leis an bpíosa ceoil seo atá ag teacht aníos anois cén contae a phiocfá? Píosa breá bríomhar atá ann cinnte ach an mbeadh tú in ann buille faoi thuairim a dhéanamh cén contae a luaitear i dteideal an phíosa? Contae i gCúige Laighean atá i gceist agam...Anois cén contae a bhí i gceist ansin? Bhuel is iad na *Barleys Shakers* a bhí ag casadh. Tháinig an ceirnín sin amach deich mbliana ó shin agus is é an teideal a thug siad ar an bpíosa sin ná *The lads of Laois*. Agus meas tú cé mhéad de na *lads* céanna a bhfuil a fhios acu cá bhfuair a gcontae an t-ainm sin, Contae Laoise, nó b'fhéidir nach cuma leo ach ar chuma ar bith gheobhaidh siad amach anois é mar beidh Nollaig Ó Muraíle ag teacht agus inseoidh sé dúinn cé as a dtáinig ainmneacha na gcontaetha i gCúige Laighean. Tá an iomarca acu ann le iad a dhéanamh in aon phlaic amháin ach déanfaidh sé leath díobh inniu. Tosóidh sé le **Ceatharlach**. Shíl mé féin ariamh gur 'ceithre loch' a bhí mar bhunús leis an ainm sin, ceithre loch a Nollaig?

NÓM: Tá a fhios agam agus is dóigh go n-aontódh 90% de mhuintir **Ceatharlach** leat nuair a deirim a mhalairt go mbeidh a lán daoine ansin ag easaontú liom ach táim réasúnta cinnte gur ceatharlach áit a bhaineann le ceathra nó beithígh, ceathra, ainmhithe ceithre chosacha, focal a úsáideann Aogán Ó Raithille i ndán leis faoi 'Is fada liom Oíche' agus mar sin de. Só **Ceatharlach** áit ina bhfuil, ina mbíodh beithígh. Tá áit in iarthar **Luimnigh** baile fearainn darb ainm **Ceatharnach**, is é an rud céanna é, díreach mar an gcéanna. Ní dóigh liom go mbaineann sé le locha ar chor ar bith, ainneoin tuillte a bheith san áit le deireanas agus mar sin de...

MH: **Baile Átha Cliath**

NÓM: Ansin **Baile Átha Cliath**, seo ceann thar a bheith suimiúil mar go bhfuil an dá leagan ann tá **Áth Cliath** nó **Baile Átha Cliath** versus **Duibhlinn** agus iad araon chomh Gaelach lena chéile

**Áth Cliath** i dtosach, tá sé le fáil den chéad uair faoi dheireadh an 7ú aois i mBeatha Cholm Cille nó *Vita Columbae* le Adhamhnán faoin leagan *Vadum Clíed* ina bhfuil aistriú ar an gcéad mhír go Laidin ach ní aistrítear ar chúis éigin an dara mír, agus 'áth', sin áit le dul trasna ar abhainn agus 'cliath' píosaí adhmaid a leagadh síos ar ghrinneall na habhann leis an rud a dhéanamh níos éasca le trasnú ann. An 'baile' cuireadh leis é sách luath sna meánaoiseanna déanacha agus caithfidh mé a rá nuair a fheicim **Áth Cliath** anois cuireadh sé isteach orm mar tá **Áth Cliath** imithe as le breis is míle bliain, tá **Baile Átha Cliath** nó **Bláth Cliath** mar a thugtar air in áiteacha ann le fada an lá. Ansin tá an leagan eile **Duibhlinn**, arís 'dubh' agus 'linn', 'Blackpool' mar a déarfá, ainm atá coitianta in áiteacha eile ach anseo sin é atá ann comhfhocail, aidiacht chun tosaigh agus an linn, linn snámha nó a leithéid, lochán beag a bhí taobh thiar den áit a bhfuil Caisleán Bhaile Átha Cliath anois nó i ngairdín an chaisleáin. Dhá áit ar leith a bhí in **Áth Cliath** agus **Duibhlinn** i dtosach, b'fhéidir, leath-mhíle nó ceathrú míle óna chéile agus is suimiúil gurb é **Duibhlinn** an leagan a ghlac na Lochlannaigh nuair a chuir siad fúthu san áit timpeall na bliana 840 agus sin é an leagan ar glacadh leis go hidirnáisiúnta ó shin

Na chéad cinn eile tosaíonn dhá cheann acu le cill, **Cill Dara** agus **Cill Chainnigh** agus 'cill' seanfhocal Gaeilge a chiallaíonn 'eaglais', eaglais ann ón tréimse luath, ón bhfocal Laidine *cella* nó *cella* agus chiallaigh sé i dtosach seomra beag i dteampall págánach de chuid na Róimhe, tugadh isteach go hÉirinn é agus úsáideadh é ag tagairt do shéipéal beag nó áit bheag mar sin. Agus **Cill Dara**: 'dair' ar ndóigh 'dara' an tuiseal ginideach den fhocal 'dair', crann dara

**Cill Chainnigh**, cill a bhain le fear darb ainm Cainneach a bhéarlaítear go haisteach mar Canice - Cainneach, ainm pearsanta. Agus rud amháin eile faoi **Chill Chainnigh**...faoin dá ainm sin **Cill Dara** tá tagairt dó chomh luath leis an mbliain 519 ar ndóigh bainteach le Naomh Bríd, **Cill Chainnigh** ní luaitear den chéad uair é go dtí lár an 12ú aois, 1146...

MH: Cuireann sé sin iontas orm, anois go raibh sé chomh deireanach sin

NÓM: Agus le rud eile a rá atá conspóideach chomh maith freisin, tá sé curtha chun tosaigh ag scoláire



## 2. Cúige Laighean\_1

amháin, an t-Ollamh Pádraig Ó Riain i gCorcaigh, gurbh ionann Cainneach mar dhuine agus Colm Cille agus níor thaitin sé sin le gach duine i gCill Chainnigh, nach bhfuil ann ach ainm ceana ar Cholmcille

Ansin ag dul ar aghaidh go dtí **Laois**, sin **seanainm treabhchais**, níl mórán eile is féidir a rá faoi mar ainm. Tá an t-ainm **an-seanda** ar fad, na Loígis, L-O-Í-G-I-S bhaineadar le seandream daoine darbh ainm na Cruithnigh

MH: **Treibh** a bhí anseo, grúpa daoine

NÓM: **Sea**, na Cruithnigh a bhí le fáil go háirithe in **oirtheath Uladh** agus úsáidtear an téarma céanna sa Ghaeilge ag tagairt do **na Píochtaí in Albain**, ach ní Píochtaí a bhí sna **treibheanna** in Éirinn

MH: Ach baineann sé le daoine, níl sé cosúil le deirimid Liatroim ag cur síos ar an talamh

NÓM: Ní hea. Tá sé **an-seanda** agus ní heol dom céard a chiallaíonn an focal. Ar ndóigh **Contae na Banríona** an t-ainm a bhí ar an gcontae, ó bunaíodh é, go dtí 1922 agus sin é an **leagan** a úsáideann na Ceithre Máistrí in **Annála na gCeithre Máistrí** sa 17ú aois, **Contae na Banríona**, **ainmnithe as Máire Túdar...**

MH: Cuirimid **feachtas** ar bun len é sin a tabhairt ar ais!

NÓM: Beidh muid ag tagairt dó sin sa chéad chlár eile agus muid ag caint ar Uíbh Fhailí, mar bhí **Contae an Rí** ansin freisin

Agus ansin an ceann deiridh sa ghrúpa seo, **Longfort**, **An Longfort**, sin cineál **daingin** nó áit a mbeadh **saighdiúirí** bailithe le chéile nó a leithéid. Ní fios an bhfuil sé ag tagairt do long sa chiall bád nó an long atá i bhfoclóir na Sean-Ghaeilge, gheobhaidh tú an dara **brí** le long, 'teach'

MH: Bheadh sé cineál cosúil le, ar bhealach, nó an mbeadh, cosúil leis an bhfocal i Laidin *castra*?

NÓM: **Sea**

MH: ...a baineadh **Manchester** as...

NÓM: **Sea** sin díreach é

MH: agus **Chester** agus na háiteacha...

NÓM: Agus seo **Longfort Uí Fhearail**

MH: Sé an rud céanna é?

NÓM: Sé an rud céanna é, go díreach. Ach bhain sé seo le muintir Fhearail...

MH: **Longfort Uí Fhearail?**

NÓM: **Longfort Uí Fhearail** a bhí ann. Tá go leor samplaí eile de Longfort **ar fud na tíre** agus tá **Béal Átha Longfoirt** i dTuaisceart **Chiarraí**, tá áit i gcathair **Luimnigh**, **Athlunkard**, **Áth an Longfoirt** atá ansin agus tá sé ann ón 15ú aois, níl aon **trácht** air níos luaithe ná an chéad leath den 15ú aois, tá sé réasúnta **deireanach**



## 2. Cúige Laighean\_1

### Ceisteanna

1. Luann Nollaig dhá chontae i gCúige Laighean a thosaíonn leis an mír 'cill'. Cén dá chontae atá i gceist?  
.....
2. Cén Béarla atá ar an ainm pearsanta Gaeilge 'Cainneach'?  
.....
3. Bhíodh Contae na Banríona mar ainm ar Chontae Laoise ó bunaíodh é go dtí 1922. Cén duine as a raibh sé ainmnithe?  
.....
4. Luann Nollaig ainm i dTuaisceart Chiarraí a bhfuil an mhír 'longfort' mar chuid de. Cén t-ainm atá i gceist?  
.....
5. Luann Nollaig ainm i gcathair Luimnigh a bhfuil an mhír 'longfort' mar chuid de. Cén t-ainm atá i gceist?  
.....
6. Meaitseáil na contaetha leis na mbríonna atá leo dar le Nollaig Ó Muraíle.

Contae	Brí
Ceatharlach	séipéal beag an chrainn darach
Baile Átha Cliath	daingean
Cill Dara	áit na n-ainmhithe le ceithre chos
Cill Chainnigh	ainm treabhchas
Laois	séipéal beag Naomh Cainneach
An Longfort	áth treisithe le cliatha